



Ag Aistriú go Suíomhanna um Chúram Leanaí ar Aois Scoile

Is siombail thábhachtach é freastal ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile den téarnamh agus den teacht aniar do leanaí agus do thuismitheoirí a thagann ón Úcráin. De réir mar a chuireann suíomhanna um Chúram Leanaí ar Aois Scoile in Éirinn fáilte roimh leanaí agus roimh theaghlach, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don ról lárnach a bhaineann le haistrithe tacúil i bhfolláine leanaí.

Cé gur céim thábhachtach é freastal ar scoil nó ar chúram leanaí ar aois scoile i dtreo filleadh ar an ngnáthshaol do leanaí agus a dteaghlach, ní mór é a phleanáil go cúramach. Is féidir leis an aistriú isteach i gcúram leanaí ar aois scoile a bheith strusmhar do gach leanbh agus a dtuismitheoirí, ach d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair do theaghlach a thagann ón Úcráin a bhfuil tráma orthu.

Ba cheart go mbeadh suíomh um chúram leanaí ar aois scoile ina áit ar féidir le leanaí a scíth a ligean, spraoi a bheith acu agus caitheamh aimsire a leanúint. Bíonn deiseanna le haghaidh spóirt agus scíth a ligean in éineacht le leanaí eile de dhíth ag gach páiste, go háirithe nuair a bhíonn an méid sin athruithe ina saoil. Beidh an caidreamh a dhéanann siad le leanaí eile agus le daoine fásta sa suíomh fiorthábhachtach chun cabhrú leo socrú síos go rathúil, agus beidh sé fiorthábhachtach dár bhfolláine agus bhforbairt freisin.

Is dócha go bhfuil beartais agus cleachtas i bhfeidhm agat cheana féin i do shuíomh chun a chinntiú go dtacaítear le gach leanbh ar bhealach íogair chun socrú isteach chomh réidh agus is féidir. Déanfaidh siad seo tú a threorú mar go bhfuil ról lárnach agat chun cabhrú le leanaí agus le teaghlach fáilte agus ceangal a fháil, agus tacú le leanaí a raibh tráma orthu mothú sábháilte, socair agus slán.

Leagann an acmhainn seo béim ar chuid de na príomhrudaí atá le breithniú agus tú ag tacú le leanaí agus le teaghlach a thagann ón Úcráin chun socrú isteach i do shuíomh.



An Próiseas Aistrithe a Phleanáil

Agus pleanáil á dhéanamh don aistriú, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an taitní ar thosú i suíomh nua i dtír nua a bheith ó thaobh an linbh agus an teaghlach de. Is ócáid mhór é seo agus beidh ort tuiscint agus ionbhá a thaispeáint leis an gcaoi a bhféadfadh siad a bheith ag mothú, agus mar sin smaoinigh ar cad a chabhróidh leo mothú sábháilte. Is féidir le haistrithe nach bhfuil pleanáilte go cúramach mothúcháin imní, eagla agus contúirte a spreagadh.

- ◆ Buail le d'fhoireann chun machnamh agus plé a dhéanamh ar na nósanna imeachta socraithe isteach atá i bhfeidhm faoi láthair agus aon athruithe a d'fhéadfá a dhéanamh.
- ◆ Léirigh spéis i dteanga agus i gcultúr na hÚcráine agus foghlaim fúithi.
- ◆ Ná déan dearmad go mbíonn teangacha agus cútraí éagsúla ag leanaí agus ag teaghlach ón Úcráin.
- ◆ Tacú le mothú féiniúlachta agus muintearais leanaí trína chinntiú go léiríonn an timpeallacht gnéithe aitheanta dá saol agus go bhfuil sé ionadaíoch ar a bpobal.
- ◆ Íomhánna de shuíomh agus grianghraif de phríomhdhaoine fásta a chur ar fáil don teaghlach.
- ◆ Fág am ar leataobh chun faisnéis a roinnt faoi do shuíomh agus ról na n-oideoirí le teaghlach, agus mínigh an chaoi a gcuirfead fáilte roimh a leanbh. Taispeáin an suíomh do thuismitheoirí.
- ◆ Spreag na leanaí féachaint thart an suíomh, agus a thabhairt faoi deara na rudaí a mheallann siad. Éist leis an eolas a roinneann thuismitheoirí faoi spéiseanna agus eispéiris a linbh, agus faigh amach na rudaí is maith lena leanbh chomh maith leis na bréagáin, leabhair, ceol, bia agus earraí compoird is fearr leo. Smaoinigh ar conas is féidir leat rochtain a fháil orthu seo.

Caidrimh a Thógáil

Soláthraíonn infhaighteacht daoine fásta iontaofa agus comhbhácha i saol an linbh óig mothúcháin sábháilteachta agus slándála dóibh, agus is fachtóir láidir cosanta é, lena ndéantar tionchar an tráma a mhaolú agus tacú lena dteacht aniar.

- ◆ Cur chuige príomhdhuine a ghlacadh chun tacú leis an leanbh agus lena dteaghlach nuair a bhíonn siad ag socrú isteach agus le linn thréimhse an linbh sa suíomh. Cuideoidh duine lárnach leis an leanbh mothú slán, mothúchán ceangail agus muintearais a bhaint amach, agus muinín agus féiniúlacht phearsanta a chothú.
- ◆ Mar phríomhdhuine an linbh, treoraigh an t-aistriú, ag éirí cleachta le riachtanais shonracha an linbh agus ag freagairt dóibh ar bhealach a chuireann san áireamh an suaitheadh ollmhór a bhí acu, a bheith ar shiúl ó gach

a bhfuil cur amach acu, lena n-áirítear dlúth-theaghlach, cairde agus timpeallacht.

- ◆ Am agus spás a chur ar fáil do theaghlach chun bualadh leat mar phríomhdhuine a linbh le linn na céime socraithe isteach ionas gur féidir leat caidreamh dearfach a fhorbairt leo agus muinín a bhunú.
- ◆ Téigh i dteagmháil le leanaí agus thuismitheoirí ar bhealach cairdiúil, oscailte agus bog. D'fhéadfadh go mbeadh mearbhall ar thuismitheoirí agus freagraí struis eile, mar sin bí ar an eolas faoi seo.
- ◆ Bí tuisceanach faoi na rudaí atá tú ag iarraidh ar thuismitheoirí. Is féidir roinnt faisnéise a bhailiú le himeacht ama nuair a bhíonn muinín forbartha agat. Díriú ar a bhfuil riachtanach anois.
- ◆ Smaoinigh ar na hiarratais atá á ndéanamh agat ar theaghlach chun earraí breise a sholáthar, mar shampla buataisí dá leanbh. B'fhéidir nach bhfuil na hacmhainní acu nó go mbeadh a fhios acu cá bhfaighidh siad iad.
- ◆ Cuimhnigh go bhféadfadh cúinsí teaghlach, mar shampla a seoladh, athrú go tapa agus mar sin cuir in iúl do thuismitheoirí gur féidir leo tú a nuashonrú am ar bith agus seiceáil isteach arís ó am go ham.



D'fhéadfadh leanaí a bhfuil tráma orthu a bheith ró-imníoch nó eagla orthu dul i mbun súgartha nó d'fhéadfadh an timpeallacht nua agus a radhairc, a bholadh, a fuaimneanna, a dhaoine, a bhréagáin, a ghníomhaíochtaí agus a ionchais go léir dul i bhfeidhm go mór orthu. Trí bheith níos feasaí faoin tráma a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige seo, is féidir leat a chinntiú go dtacaíonn an t-aistriú isteach i do shuíomh le leanaí agus lena dteaghlach mothú sábháilte agus slán, agus go gcuireann sé cosc ar ath-thráma.

Scaradh de réir a Chéile

B'fhéidir go mbeadh socrú isteach de réir a chéile de dhíth fiú le leanaí níos aosta. Sa chaoi seo, beidh dóthain ama acu le héirigh níos compordáí sa suíomh. Tá sé seo tábhachtach go háirithe do theaghlach a bhfuil tráma orthu, agus is éard atá i gceist leis ná oibriú le tuismitheoirí agus leanaí chun pleanáil le haghaidh scaradh roimh ré. Is minic a bheidh inní mhór scartha ar leanaí a raibh tráma trom orthu, agus b'fhéidir go rachadh siad siar go hiompar a bhí acu nuair a bhí siad níos óige, ar nós an ordóg a dhiúl, nó rud éigin a bheith ina lámh acu a dtabharfadh sólas dóibh.

- ◆ Spreag baill teaghlach chun fanacht lena leanbh sa suíomh agus suíocháin chompordacha a chur ar fáil dóibh.
- ◆ Mar phríomhdhuine an linbh, bunaigh caidreamh leis an leanbh trí roghanna súgartha a léiriú dó, agus fan in aice leis le taispeáint go mbeidh tú ann chun tacú leis.

- ◆ Lean treoir an linbh. Má tá an leanbh ag súgradh amach óna theaghlach ar feadh tréimhsí gearra, agus má bhíonn comharthaí ann go bhfuil an leanbh ag déanamh caidreamh le leanaí eile, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina léiriú go bhféadfadh sé a bheith réidh le scaradh gearr.
- ◆ Iarr ar an teaghlach earra compoid a thabhairt isteach ar féidir leis an leanbh greim a choinneáil air, nó é a choinneáil ina chófra, nuair nach bhfuil a dteaghlach leo.
- ◆ Moltar don teaghlach slán a fhágáil lena leanbh sula bhfágann siad, agus a insint dó cén t-am a bheidh siad ar ais.
- ◆ Fan gar don leanbh agus cuir in iúl dóibh go dtabharfaidh tú aire dóibh agus go gcoinneoidh tú slán iad go dtí go bhfillfidh a dteaghlach.
- ◆ Aitheantas a thabhairt do mhothúcháin linbh nuair a bhíonn siad brónach, feargach nó buartha, agus iad a chur ar a gcompord.

Cuimhnigh, tá gach leanbh difriúil agus tá sé tábhachtach gan an próiseas socraithe a bhrostú. D'fhéadfadh seachtainí a bheith i gceist leis seo. Má dhéantar iarracht ró-thapa, d'fhéadfadh níos mó struis, inní agus deacracht muinín a fhorbairt a bheith mar thoradh ar an scaradh.



Súgradh agus Caidreamh le Leanaí Eile a Thacú



Tarlaíonn an t-aistriú go suíomh nua de réir a chéile. Ionas go mbeidh rath ar an bpróiseas seo cinntigh go gcuireann na leanaí aithne ar a chéile agus gur féidir leo a bheith ag súgradh go sásta le chéile, agus gur féidir leo lánpháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí go léir.

- ◆ Cuir go leor ábhar solúbtha agus deiseanna súgartha neamhstruchtúrtha ar fáil a cheadaíonn saoirse agus rogha, agus nach n-éilíonn tuiscint ar Bhéarla/Gaeilge, chun na páistí a spreagadh chun súgartha agus chun taitneamh a bhaint as a gcuid súgartha.
- ◆ Tabhair na páistí eile isteach sa ghrúpa agus cabhraigh leo ionbhá a dhéanamh leis an leanbh nua. Seans go mbeidh sé an-deacair ar an bpáiste nua teacht go tír nua nuair nach bhfuil mórán Béarla nó Gaeilge aige. Spreag iad le fáilte a chur roimh an bpáiste nua agus chun na páistí nua a dhéanamh páirteach sa ghrúpa, trí iad a iarraidh páirt a ghlacadh sa súgradh.
- ◆ B'fhéidir nach mbeadh deacracht ar bith ag roinnt leanaí socrú síos chun súgradh le leanaí eile ach braitheann sé ar a meon féin agus a n-eispéiris féin, ach b'fhéidir go mbeadh tacaíocht ag teastáil ó leanaí eile.

- ◆ Má bhíonn an leanbh ag fanacht siar, gan páirt a ghlacadh sa spraoi leis na leanaí eile, ná déan deifir chun cabhrú leis láithreach, tabhair an oiread ama agus is ga dóibh a bheith ag féachaint. Lean treoir an linbh.
- ◆ Bí cinnte go bhfuil fáil ag leanaí ar an áit súgartha lasmuigh ag am ar bith. Is féidir le súgradh lasmuigh, nuair a bhíonn go leor deiseanna gluaiseachta ag na leanaí, cabhrú leo mothú níos ciúine agus níos rialaithe ná nuair a bhíonn siad laistigh, agus is féidir leis cabhrú leo mothú níos réidhe agus níos muiníní le bheith ag súgradh le leanaí eile.

Cumarsáid

- ◆ Ná tabhair an iomarca faisnéise don teaghlach.
- ◆ Más féidir, bíodh d'ábhair faisnéise, amhail lámhleabhar do thuismitheora, aistrithe go teangacha baile na dteaghlach. Más cuí, cinntigh go bhfuil an fhaisnéis go léir scríofa i mBéarla simplí nó le hionmhánna.
- ◆ In éagmais duine a dhéanfaidh aistriúchán, bain úsáid as aipeanna aistriúcháin le teaghlach.
- ◆ Bí ar an eolas, mar gur féidir le tráma agus strus laghdú a dhéanamh ar chumas duine faisnéis nua a ionsú, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacracht ag tuismitheoirí an méid atá á rá agat leo a phróiseáil, fiú má tá tú ag labhairt le tuismitheoir ina dteanga bhaile nó má tá Béarla acu mar dhara teanga.
- ◆ Bí ar an eolas, má tá an iomarca cainte ann, go stopann teaghlach ag éisteacht agus stop ag iarraidh a thuiscint. D'fhéadfadh siad a sheachaint fiú a bheith in éineacht leat mar is cúis struis é dóibh nuair nach dtuigeann siad.

Cuideoidh feasacht ar thráma leat tacú le leanaí socrú isteach i do shuíomh agus mothú compordach agus cosanta. Ní bhíonn leanaí in ann a dtimpeallacht a iniúchadh, caidrimh a thógáil agus foghlaim ach amháin nuair a bhraitheann siad sábháilte.

Acmhainní úsáideacha

[Trauma and Young Children: Building Trauma Awareness in Early Learning and Care \(Béarla\)](#)

[The Key Person Approach \(Béarla\)](#)

[Adult-Child Relationships in School Age Childcare \(Béarla\)](#)

[Na Chéad 5 - Tacaíochtaí maidir leis an Úcráin](#)

[Treoirínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile](#)

T: 01 453 0355

E: resources@barnardos.ie

W: www.barnardos.ie

Le haghaidh nuashonruithe rialta [bí linn ar Facebook](#)

Uimhir Charthanais Chláraithe: CHY 6015 / RCN 20010027



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Oige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

